

Bileog eolais maidir le mo chearta cosanta sonraí:

Bí ar an eolas faoi cad atá ag tarlú le do shonraí

Tá sé de cheart agat fios a bheith agat cad atá ag tarlú le do shonraí agus cén fáth. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé de cheart agat bheith ar an eolas nuair atá do chuid sonraí pearsanta á mbailiú ag duine eile. Tugtar “**an ceart chun eolas a fháil**” air seo. Tá an ceart a bheith curtha ar an eolas ar cheann de na cearta cosanta sonraí is tábhachtaí mar nach féidir leat do shonraí a rialú mura bhfuil a fhios agat cé aige a bhfuil siad nó céard atá á dhéanamh acu leo.

Tá rudaí áirithe ann **nach mór** d’eagraíocht a insint duit aon uair a bhailíonn siad do chuid sonraí. Mar shampla, caithfidh siad a insint duit **cé hiad féin, céard go díreach atá á dhéanamh acu le do chuid sonraí agus cén fáth, cá fhad a choinneoidh siad do chuid sonraí**, agus caithfidh siad a insint duit freisin **céard iad do chearta cosanta sonraí agus cén chaoi ar féidir leat teagmháil a dhéanamh** leo más mian leat do chearta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm.

Deir an dlí go gcaithfidh eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil an t-eolas seo an-shoiléir agus éasca do leanaí a thuiscint. Caithfidh sé a bheith éasca do leanaí an t-eolas seo a fháil freisin. Is smaoineamh maith é freisin iarraidh ar do thuismitheoirí cabhrú leat iad a léamh ar fhaitíos go mbeadh ceisteanna ar bith agat.

Cá bhfaighidh mé an t-eolas seo?

De ghnáth, cuireann eagraíochtaí an t-eolas seo ar fad i gcáipéis ar a dtugtar **polasaí príobháideachta** agus is féidir iad sin a fháil ar a suíomh gréasáin de ghnáth. Úsáideann ardáin agus aipeanna meán sóisialta rudaí amhail **fógraí aníos** chun an t-eolas seo a mheabhrú duit ag amanna éagsúla, mar shampla d’fhéadfadh roinnt eolais faoi cad atá ag tarlú le do shonraí teacht aníos ar do scáileán má dhéanann tú athruithe ar shocruithe do chuntais nó má tá tú díreach ar tí grianghraf nó físeán a phostáil.

Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach an stuif seo a léamh?

Bheadh an-fhonn ort svaidhpeáil thar na bhfógraí seo mar gur mian leat leanúint ort ag bunú do phróifíle, ag comhrá le do chairde nó ag postáil do grianghraif. Agus ní chabhraíonn sé go mbíonn polasaithe príobháideachta an-fhada go minic agus nach mbíonn mórán spraoi le baint as iad a léamh. Ach is smaoineamh maith duit dul i dtaithe ar bhreathnú orthu mar go mbíonn go leor eolais thábhachtach iontu ar cheart duit a bheith ar an eolas faoi.

Cén cearta cosanta sonraí atá agam?

Is féidir tuilleadh eolais maidir le do chearta cosanta sonraí ar fad a fháil ar shuíomh gréasáin an DPC: www.dataprotection.ie/ga/dpc-guidance/cearta-cosanta-sonraí-leanaí